



ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA LEANAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

#EUChildParticipation
#EUChildGuarantee



TIMTHRIALL NA BOCHTAINÉACHTA LEANAÍ A BHRISEADH

AN RÁTHAÍOCHT EORPACH
DO LEANAÍ A NEARTÚ

AN LEAGAN LE HAGHAIDH LEANAÍ





CAD ATÁ I GCEIST LEIS AN MBILEOG SEO?



Is grúpa 27 dtír a oibríonn le chéile é an tAontas Eorpach (nó ‘an tAontas’ mar ainm gearr). Tá an tAontas ag iarraidh a chinntiú gur féidir le leanaí saol maith a bheith acu.

Tá tacaíocht, sábháilteacht agus deiseanna agus an ceart a gcuid tuairimí féin a chur in iúl maidir le cinntí a dhéanann difear dá saol a chur in iúl.

Is plean é an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí do thíortha an Aontais chun cuidiú le leanaí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu chun deis níos fearr a thabhairt dóibh todhchaí mhaith a bheith acu.

Tá an bhileog seo dírithe ar leanaí agus ar dhaoine óga ar mian leo foghlaim faoin bplean seo, faoin gcaoi ar feabhsaíodh é le déanaí, agus faoin gcaoi a gcuidíonn sé leis an mbochtaineacht a chomhrac.

Thug níos mó ná 41,000 leanbh a dtuairimí trí Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí, a bhí ina chuidiú leis an bplean seo a ullmhú.

Mínítear focail agus frásaí a bhfuil * leo ag deireadh na bileoige.





1. CÉN FÁTH A BHFUIL AN PLEAN SEO DE DHÍTH ORAINN?

Ba cheart go mbeadh deis chothrom sa saol ag gach leanbh.

Bíonn deacrachtaí airgeadais ag roinnt leanaí agus teaghlach, rud a chiallaíonn:

- > Príomhrudaí, cuir i gcás bia, éadaí, ábhair scoile nó áit shábháilte the le maireachtáil ann, a bheith in easnamh
- > Níos lú deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí, cuir i gcás spórt nó na healaíona, le leanaí eile
- > Tá sé níos deacra déanamh go maith ar scoil, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shaol iomlán linbh, agus fiú don chéad ghlúin eile

Ní ar aon leanbh atá an locht má bheirtear iad i dteaghlach bocht, mar sin ní mór é sin a cheartú.

Téann tacaíocht do leanaí faoi mhíbhuntáiste chun tairbhe don tsochaí ar fad trí chuidiú leo barr a gcumais a bhaint amach, poist mhaithe a aimsiú mar dhaoine fásta, agus rannchuidiú leis an tsochaí.

Úsáideann an tAontas Eorpach na focail bochtaineacht leanaí* nó a bheith i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta* chun tuairisc a thabhairt ar na cásanna sin. In 2025, bhí beagnach an ceathrú cuid de leanaí san Aontas i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta.

Is mian le tíortha an Aontais é sin a athrú agus is mian leo cuidiú le 5 mhilliún leanbh ar a laghad éalú ón mbochtaineacht nó ón eisiaimh sóisialta faoi 2030.

- > Chuidigh an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí le go leor leanaí cheana féin:
 - o Bhí 600,000 leanbh breise ar fud an Aontais in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile, cuir i gcás spóirt nó turais scoile
 - o Thug an Ísiltír béilí saor in aisce ar scoil do níos mó leanaí, go leor leanaí faoi mhíbhuntáiste san áireamh
 - o Tá ionaid cúraim leanaí curtha ar bun ag an bPolainn in go leor áiteanna nach raibh aon cheann ann roimhe seo
- > Ach deir leanaí, eagraíochtaí agus saineolaithe gur gá níos mó a dhéanamh
- > Is é an sprioc atá ann a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh ar na rudaí a theastaíonn uathu le go mbeidh siad sláintiúil agus sábháilte ag fás aníos agus le go mbeidh siad páirteach sa tsochaí

Tugtar smaointe sa phlean do thíortha an Aontais maidir le gníomhaíochtaí ar gá iad a athrú nó a fheabhsú agus cuidíonn sé le hairgead agus acmhainní eile a aimsiú do na tíortha chun é sin a dhéanamh.





2. CÉ NA DAOINE A BHFUIL CUIDIÚ BREISE DE DHÌTH ORTHU?

Bíonn níos mó dúshlán roimh leanaí áirithe ná mar a bhíonn roimh leanaí eile agus ba cheart go dtabharfaí cuidiú breise dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu.

Tá an Ráthaíocht do Leanaí ceaptha chun cuidiú le leanaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu, ach cuireann sí tacaíocht ar fáil freisin do ghrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste, cuir i gcás:

- > Leanaí faoi mhíchumas
- > Leanaí Romacha*
- > Leanaí faoi chúram malartach*
- > Leanaí gan áit chónaithe acu nó leanaí ina gcónaí i dtithe neamhshábháilte
- > Leanaí ó chúlraí mionlaigh eitnigh nó mionlaigh creidimh
- > Daoine óga ag fágáil cúram malartach agus ag tosú ag maireachtáil ina n-aonar





3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NUA DE CHUID AN AONTAIS

Tá obair ar siúl chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí sna blianta amach romhainn.

I measc na smaointe a fuarthas tá:

- > Fiafraigh de leanaí agus de theaghlaigh cad a chuideodh le tuismitheoirí obair a fháil, (tacaíocht cúraim leanaí níos fearr agus tuismitheoirí ag an obair mar shampla)
- > Tionscadail nua maidir le cúram leanaí, oideachas, spórt, cultúr agus cuimsiú
- > Féachaint ar bhealaí chun níos mó tacaíochta airgeadais a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu
- > Sraith straitéisí meabhairshláinte agus folláine* a chruthú le UNICEF, lena mbaineann treoracha simplí, gníomhaíochtaí agus smaointe chun cuidiú le daoine meabhairshláinte a thuiscint agus fios a bheith acu conas cabhair a fháil
- > Scéimeanna meantóireachta* a chur ar bun chun tacú le leanaí a bhféadfadh cuidiú breise a bheith ag teastáil uathu
- > Cuidiú le scoileanna agus le seirbhísí tacaíocht níos fearr a thabhairt do leanaí Romacha
- > Cárta Ráthaíochta do Leanaí* a thástáil chun é a dhéanamh níos éasca do leanaí agus do theaghlaigh cuidiú a fháil
- > An Ráthaíocht do Leanaí a nascadh ar bhealach níos dlúithe leis an Ráthaíocht don Aos Óg, mar sin leantar den tacaíocht de réir mar a théann leanaí in aois
- > Níos mó tacaíochta a chur ar fáil do chathracha, do réigiúin agus d'eagraíochtaí áitiúla a oibríonn le leanaí





4. TUILLEADH TACAÍOCHTA DO THEAGHLAIGH

Is fearr a dhéanann leanaí nuair a bhíonn an tacaíocht a theastaíonn uathu ag a dteaghlaigh.

Nuair a fhaigheann teaghlaigh an tacaíocht a theastaíonn uathu, is féidir le leanaí a bheith níos sláintiúla agus iad ag fás aníos, foghlaim níos fearr, agus mothú níos sláine. Má bhíonn tacaíocht ar iarraidh le linn na hóige, is minic a bhíonn gá le tuilleadh cuidithe níos déanaí sa saol le cúram sláinte, tithíocht agus tacaíocht shóisialta eile.

Is iad seo a leanas na spriocanna:

- > Poist chobhsaí a bhfuil pá maith ag gabháil leo a bheith ag tuismitheoirí agus cúramóirí, agus dóthain airgid acu do ghnáthrudaí ar nós bia, tithíochta, éadaí, iompair, agus soláthairtí scoile
- > Cúram leanaí agus réamhscoile ar fáil chun é a dhéanamh níos éasca do thuismitheoirí agus do chúramóirí, go háirithe máithreacha, obair nó staidéar a dhéanamh
- > Mura leor tuilleamh ón obair, is féidir le teaghlaigh sochair linbh nó theaghlaigh* agus tacaíocht bhreise eile a theastaíonn uathu a fháil





5. SEIRBHÍSÍ NÍOS FEARR DO LEANAÍ

Ba cheart go mbeadh gach leanbh in ann na deiseanna timpeall orthu a thapú.

Má bhíonn deacrachtaí airgeadais ann agus leanaí ag fás aníos, d'fhéadfaí go ndéanfar difear dá sláinte fhisiciúil, dá meabhairshláinte, dá bhfoghlaím, dá gcairdeas, dá sábháilteacht agus dá ndeiseanna amach anseo. Ba cheart go mbeadh a fhios ag leanaí agus teaghlaigh cad atá ar fáil dóibh agus conas é a fháil.

Ba cheart seirbhísí a bheith bunaithe ar a bhfuil ag teastáil ó leanaí i ndáiríre, seachas ar chórais chasta. Nuair is féidir, ba cheart seirbhísí tacaíochta a chur le chéile ionas gur féidir le teaghlaigh cúnamh a fháil gan dul chuig go leor áiteanna ar leith.

I measc na n-iarraí tábhachtacha ar athrú tá:

- > Níos mó áiteanna cúraim leanaí agus réamhscoile
- > Níos mó béilí scoile folláine
- > Níos mó gníomhaíochtaí spóirt, ealaíon, cultúrtha agus iarscoile
- > Tuilleadh teagaisc, cúnamh le hobair bhaile, agus tacaíocht foghlama bhreise
- > Tacaíocht mheabhairshláinte* níos fearr i scoileanna, i gcúram sláinte agus sa phobal
- > Meantóirí nó daoine fásta iontaofa ar féidir leo tacú le leanaí le linn tréimhsí deacra





6. TACAÍOCHT D'FHOLLÁINE AGUS DO SHÁBHÁILTEACHT

Tá sé de cheart ag gach leanbh mothú go bhfuil sé sábháilte, go bhfuil tacaíocht agus cosaint aige ar líne agus nuair nach bhfuil sé ar líne.

Is féidir le dúshláin airgeadais agus shóisialta difear a dhéanamh d'fholláine agus do shláinte roinnt leanaí, rud a fhágann go mbraitheann siad go bhfuil siad faoi bhrú, uaigneach nó inníoch.

Tá sé tábhachtach go bhfaighidh leanaí agus teaghlaigh cuidiú a luaithé is féidir. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cuidiú le linn na luath-óige, ar scoil, nó trí sheirbhísí meabhairshláinte agus cúram sláinte.

- > Trí chuidiú a fháil go luath, is féidir cosc a chur ar fhadhbanna dul in olcas agus cuidiú le leanaí fanacht sláintiúil, foghlaim go maith, agus mothú go bhfuil tacaíocht ann dóibh
- > Ba cheart do scoileanna, seirbhísí cúraim sláinte agus oibrithe sóisialta oibriú le chéile chun a chinntiú gur féidir le leanaí an cuidiú a theastaíonn uathu a fháil ar bhealach níos éasca
- > Ba cheart d'ardáin ar líne níos mó a dhéanamh freisin chun cuidiú leanaí a choinneáil sábháilte

Tá sábháilteacht ar líne agus nuair nach bhfuiltear ar líne araon an-tábhachtach, agus ba cheart do thíortha an Aontais leanúint de bheith ag obair chun feabhas a chur ar an gcaoi a gcosnaítear leanaí chun rioscaí a laghdú agus chun cuidiú iad a choinneáil sábháilte.





7. TACAÍOCHT D'AOSAIGH ÓGA

Níor cheart deireadh a chur leis an tacaíocht nuair a iompaíonn leanaí 18 mbliana d'aois.

Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfaighidh daoine óga an cuidiú a theastaíonn uathu agus iad ag bogadh ón óige go dtí an aosacht, ionas gur féidir leo todhchaí gheal a thógáil dóibh féin.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do leanaí a bhfuil cónaí orthu i gcásanna cúraim mhalartaigh agus a bhféadfadh sé nach mbeadh teaghlach acu chun tacú leo.

Is athrú mór é 18 mbliana d'aois a bhaint amach, agus bíonn cuidiú fós de dhíth ar go leor daoine óga chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- > An scoil nó an oiliúint a chríochnú
- > Áit chónaithe a aimsiú
- > Post a fháil
- > Foghlaim conas maireachtáil ina n-aonar

Uirlis amháin chun tacú leis sin is ea an Ráthaíocht don Aos Óg a chuidíonn le daoine óga idir 15 agus 29 mbliana d'aois obair, oideachas, oiliúint nó printíseachtaí a aimsiú.





8. CÉ A DHÉANFAIDH NA HATHRUITHE?

Is freagracht chomhroinnte é feabhas a chur ar shaol agus ar thodhchaí leanaí.

Ní mór do gach duine oibriú go dlúth le chéile, ionas go bhfaighidh leanaí, daoine óga agus teaghlaigh an cuidiú a theastaíonn uathu:

- > Institiúidí an Aontais
- > Rialtais náisiúnta
- > Údaráis réigiúnacha agus áitiúla*
- > Scoileanna, seirbhísí sláinte agus sóisialta
- > Eagraíochtaí na sochaí sibhialta* agus carthanais
- > Gnólachtaí agus fondúireachtaí
- > Tuismitheoirí, cúramóirí agus teaghlaigh
- > Leanaí agus daoine óga iad féin

Moltar do thíortha an Aontais a bpleananna náisiúnta maidir leis an Ráthaíocht do Leanaí a thabhairt cothrom le dáta chun spriocanna soiléire a leagan síos, dóthain maoinithe a bheith acu, agus a chinntiú go bhfuil an tacaíocht atá de dhíth ar leanaí agus ar theaghlaigh á fáil acu.





BRI NA BHFOCAL

FOCAL NÓ FRÁSA	AN BHRÍ ATÁ LEIS
Cúram malartach	Nuair nach bhfuil leanbh ina chónaí lena thuismitheoirí agus nuair a thugtar aire dó áit éigin eile, ag gaotha, ag cúramóirí altrama nó i dteach leanaí.
Printíseacht	Bealach chun cúramaí poist a fhoghlaim trí bheith ag obair le daoine a bhfuil taithí acu agus oiliúint a fháil an tráth céanna. Cuidíonn sé leat scileanna praiticiúla a fhorbairt trí fhíorobair a dhéanamh.
Sochair linbh agus teaghlaigh	Airgead a thugann rialtais do theaghlaigh chun cuidiú leis na costais a bhaineann le leanaí a thógáil, cuir i gcás bia, éadaí, agus riachtanais eile.
Bochtaineacht leanaí	Nuair nach bhfuil dóthain airgid nó tacaíochta ag teaghlach linbh do na rudaí a theastaíonn ón leanbh chun maireachtáil, foghlaim, fanacht sláintiúil, mothú sábháilte agus páirt a ghlacadh sa saol laethúil.
Eagraíochtaí na sochaí sibhialta	Eagraíochtaí, carthanais nó grúpaí pobail a oibríonn chun cuidiú le daoine agus chun an tsochaí a fheabhsú. Cuir i gcás bainc bhia, clubanna óige, nó carthanais easpa dídine a thacaíonn le teaghlaigh agus le leanaí.
Cárta Ráthaíochta do Leanaí	Smaoineamh atá á thástáil chun cuidiú le leanaí agus le teaghlaigh eolas a fháil faoi sheirbhísí agus faoi thacaíocht ar bhealach níos éasca, agus príobháideachas á chosaint agus náire á sheachaint an tráth céanna.
Maoiniú	Airgead a thugtar chun cuidiú le hóc as tionscadail, seirbhísí nó gníomhaíochtaí a thacaíonn le daoine agus le pobail. San Aontas Eorpach, is féidir maoiniú a fháil ó institiúidí an Aontais, ó rialtais náisiúnta nó ó eagraíochtaí eile.
Údarais áitiúla	Rialtais áitiúla agus seirbhísí poiblí a chuidíonn le rudaí a reáchtáil cuir i gcás scoileanna, tithíocht, iompar agus tacaíocht shóisialta i mbailte, i gcathracha agus i réigiúin.
Meabhairshláinte	An chaoi a smaoinimid, a motháimid agus a ndéileálaimid leis an saol laethúil. Cuimsítear leis an chaoi a ndéanaimid strus a láimhseáil, an chaoi a ndéanaimid caidreamh le daoine eile, agus an chaoi a ndéanaimid roghanna. Ciallaíonn deamheabhairshláinte a bheith in ann deacrachtaí laethúla a bhainistiú agus tacaíocht a fháil nuair a bhíonn rudaí deacair.
Meantóireacht	Tacaíocht ó dhuine scothaosta iontaofa a éistean, a thugann comhairle, a spreagann thú agus a chuidíonn leat roghanna a dhéanamh.
Leanaí Romacha	Is grúpa mionlaigh eitnigh iad na Romaigh a chónaíonn in go leor tíortha san Aontas. Ní i gcónaí a chaitear go cothrom le leanaí Romacha agus d'fhéadfadh sé a bheith níos deacra dóibh an tacaíocht agus na deiseanna atá de dhíth orthu a fháil.
Eisiamh sóisialta	Nuair nach bhfuil duine in ann páirt a ghlacadh i rudaí is féidir le go leor daoine eile a dhéanamh. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gheall ar easpa airgid, tacaíochta nó deiseanna. D'fhéadfadh sé go gciallfódh sé go gcaillfí amach ar ghníomhaíochtaí, ar chairdeas, ar sheirbhísí nó ar shaol an phobail.
Bosca uirlisí	Bailiúchán treoracha, gníomhaíochtaí, smaointe agus uirlisí praiticiúla a chuidíonn le daoine foghlaim faoi thopaic agus fios a bheith acu cad ba cheart a dhéanamh.





#EUChildGuarantee



#EUChildParticipation



**Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh**

An Dlí | Sonraí | Foilseacháin

© an tAontas Eorpach, 2026

PDF KE-01-26-101-GA-N

ISBN 978-92-68-43229-7 doi:10.2767/5329873

